ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

**OIFIGEACH CLÉIREACHAIS BUAN (AN tAONAD ACMHAINNÍ DAONNA & FORBARTHA FOIRNE) AG TEASTÁIL**

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is bonn agus taca faoin Údarás.

Is é an misean atá againn ná "A chinntiú go gcuirfear na caighdeáin is airde agus is féidir ar fáil sna seirbhísí a bhaineann le huchtú, i rith an phróisis uchtála a mhaireann ar feadh an tsaoil, agus gurb é leas leanaí an chéad chuspóir agus an príomhchuspóir".

Tá fás nach beag ag teacht ar Údarás Uchtála na hÉireann agus é ag tabhairt faoi fheidhmeanna nua agus feidhmeanna atá ag leathnú de thoradh na Reachtaíochta um Fhaisnéis agus Rianú Breithe.

Tá Údarás Uchtála na hÉireann ag iarraidh Oifigeach Cléireachais amháin – HR (CO) a earcú, a bheidh lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá obair chumaisc ar fáil leis an bpost seo, faoi réir nádúr na ndualgas.

**Dáta Deiridh: 12 meán lae Dé hAoine, an 19 Iúil 2024**